Athbhreithniú ar Ghiniúint Cumhachta BSL

Giniúint sa Bhaile

Leanfaidh BSL ar aghaidh ag feabhsú na hinfhaighteachta fearas i nginiúint cumhachta, ag oibriú i dtreo gnó níos lú agus níos láidre.

“Go luath sa bhliain 2007, dearbhaíodh astaíochtaí CO_2 Ghiniúint Cumhachta ar bhonn neamhspleách. Bhí astaíochtaí CO_2 sa bhliain 2006 13% níos ísle ná astaíochtaí 2005 agus d’ísligh sin 8% breise sa bhliain 2007.”

Forbhreathnú

Is le Giniúint Chumhachta BSL stáisiúin ghiniúna in Éirinn lena mbaineann 4,651MW san iomlán, agus is í Giniúint Cumhachta a oibríonn iad.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Feidhmíocht Sábháilteachta

Le linn 2007, chuir Giniúint Cumhachta roinnt feabhsúchán i bhfeidhm ina phróisis um bainistiú sábháilteachta, lena n-áirítear creidiúnú OHSAS a fháil i gCórais Bhainistíochta Sábháilteachta ar 5 láthair oibre, agus na láithreacha oibre eile le creidiúnú a bhaint amach sa bhliain 2008. Cé gur laghdaigh an leibhéal timpistí i nGiniúint Cumhachta sa bhliain 2007, 21 Díobháil Chaillteanais Ama (9 mball foirne, 12 chonraitheoir) i gcomparáid le 23 sa bhliain 2006 (13 bhall foirne, 10 chonraitheoir), éilíonn an fheidhmíocht seo go gcuirfí feabhas ar chúrsaí. Tugaimid tús áit do shábháilteacht agus do shláinte agus táimid tiomanta do láthair oibre saor ó ghortú a chruthú.

Custaiméirí agus an Margadh Fuinnimh

B’ionann an sciar den mhargadh a bhí ag Giniúint Cumhachta sa bhliain 2007 i bPoblacht na hÉireann agus 47%. Seo 5% níos ísle ná ár sciar den mhargadh sa bhliain 2006 rud a léiríonn go bhfuil an earnáil ghiniúna neamhspleách fós ag fás.

Mar a tharla sa bhliain 2006, dhaingnigh Giniúint Cumhachta a breosla, arb ionann é agus tuairim is 50% dá bhonn costais oibríochtúil iomlán, ag innéacsanna margaidh nó faoina mbun, ar innéacsanna iad atá tagarmharcáilte ag CRF, agus ar an gcaoi rinne sí a cion a chinntiú go soláthraítear fuinneamh ar an gcostas is ísle chun leasa ár gcustaiméirí.

Tar éis ullmhúchán fairsing, bhí na córais, na próisis agus na hinniúlachtaí daonna cuí ag Giniúint Cumhachta, chun iontráil go sásúil sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM) a d’oscail ar an 1 Samhain 2007, rud a chuir deireadh leis an gComhaontú Rialaithe Bulc-chumhachta a bhí aige le Soláthar Custaiméirí. Ag tacú le forbairt SEM, rinne Giniúint Cumhachta próisis ceant a riar chun 2.9TWhs de Chonarthaí Difríochtaí (CFD) a dhíol arna threorú ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CFR) agus chomh maith leis sin chuir sé 4TWhs breise de CFD Neamh-Threoraithe ar ceant.

An toradh a bhí air seo ná go ndearnadh cumhacht ar phraghas socraithe a thairiscint d’iomaitheoirí eile sa mhargadh. Ó oscailt an mhargaidh, bhí sciar Ghiniúint Cumhachta den mhargadh ag 32% ar bhonn Margadh Uile-Oileáin.

Caiteachas Caipitil

Ba é €225 milliúin san iomlán a bhí i gclár caiteachais chaipitil Ghiniúint Cumhachta 2007. Bhain sé seo go príomha le caiteachas ar Thionscadal Iarfheistithe Ghob na Muine (MERP) agus tá sé beartaithe againn an tionscadal seo a bheith i gcrích sa bhliain 2008. Cuirfidh an infheistíocht seo mórshochair ar fáil ó thaobh an chomhshaoil de, mar atá sonraithe thíos.

Ar an gcaiteachas mór caipiteal eile a bhí ann sa bhliain 2007 bhí tógáil do stáisiúin 430MW CCGT in Áth Fhada, Co. Chorcaí, agus tá sé seo ag cloí leis an sceideal le bheith réidh d’oibríocht tráchtála sa bhliain 2009. Tá an teicneolaíocht a roghnaíodh don tionscadal seo ar cheann de na teicneolaíochtaí is glaine, agus is cairdiúla ó thaobh an chomhshaoil de agus tá sí i measc na dteicneolaíochtaí is éifeachtaí ar domhan.

Chomh maith leis na mórthionscadail chaipitil seo, leanann Giniúint Cumhachta ar aghaidh lena chlár cothabhála pleanáilte ag soláthar punann iomaíoch fearais a bhfuil de chumas aici freastal ar riachtanais an Mhargaidh Aonair Leictreachais.

Feidhmíocht Fearais

Cé gur fheidhmigh formhór stáisiúin Ghiniúint Cumhachta de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, b’ionann toradh infhaighteachta fearais agus 75% i gcomparáid le sprioc de 77% de bharr ráta briste éigeantaigh sa bhliain 2007. Chuir na rudaí seo a leanas go mór leis an toradh sin: coinníollacha “de réir mar a fuarthas” a aithníodh i rith an ollchóirithe sceidealta ag CT Átha Fhada, teip ghineadóra i gCnoc Thurlaigh agus bhí fadhbanna creimthe coire ann i bhfearais mhóna. Tá réiteach fadtéarmach ar na fadhbanna sna stáisiúin Mhóna aitheanta agus á chur i gcrích faoi láthair leis an monaróir coire.

“Tá an teicneolaíocht a roghnaíodh do stáisiúin 430MW CCGT in Áth Fhada, Co. Chorcaí, ar cheann de na teicneolaíochtaí is glaine, agus is cairdiúla ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtaí ar domhan.”

Laistigh de stáisiún cumhachta BSL.

Feidhmíocht Comhshaoil

Tá Giniúint Cumhachta lántiomanta dá gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an mbealach is íogaire is féidir ó thaobh an chomhshaoil de. Le linn 2007 d'éirigh le Giniúint Cumhachta a dualgais i leith an chomhshaoil a bhainistiú go réamhghníomhach.

Coinníodh an deimhniú Córais Bainistíochta Comhshaoil (EMS) chuig ISO 14001 i ngach ceann de stáisiúin Ghiniúint Cumhachta agus i ngach ceann d'Iascaigh BSL le linn a n-iniúchtaí débhliantúla sa bhliain 2007.

Go luath le linn 2007, fíoraíodh astaíochtaí CO_2 Ghiniúint Cumhachta don bhliain 2006 go neamhspleách. Bhí astaíochtaí CO_2 sa bhliain 2006 13% níos ísle ná astaíochtaí 2005 agus tháinig laghdú breise 8% air sin sa bhliain 2007. Bhí BSL páirteach san ionchur sa phróiseas comhairliúcháin don Dara Plean Leithdháilte (NAP2) a bhfuil gá leis chun Prótacal Kiótó a chur i ngníomh don tréimhse 2008- 2012. Tá sé beartaithe go leithdháilfidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Cumhachta níos lú ná 70% den bhonnlíne astaíochtaí CO_2 ó 2003/2004 mar shaorliúntais ar an earnáil ghiniúna cumhachta faoi NAP2. Mar rannpháirtí féideartha sa laghdú CO_2, rinne Giniúint Cumhachta iniúchadh ar bhreoslaí bithmhaise do stáisiúin ghualbhreoslaithe agus mhóinbhreoslaithe Ghiniúint Cumhachta le linn 2007.

Tá sé beartaithe cinneadh a ghlacadh sa bhliain 2008 le trialacha píolótacha a dhéanamh. Rinneadh iniúchtaí fuinnimh ag roinnt stáisiún chomh maith agus cuirfear iniúchtaí breise i gcrích sa bhliain 2008.

Pléadh cur i ngníomh Rialacháin ón AE maidir le Clár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán Eorpach (EPRTR) ar bhonn comhtháite comhleanúnach leis an nGníomhaireaht um Chaomhnú Comhshaoil. Mar thoradh ar thionscnamh uile-Eorpach ceapadh treoirline thuairiscithe ag deireadh 2007. Ní mór an chéad tuairisciú maidir le hastaíochtaí 2007 a dhéanamh ag deireadh mhí an Mhárta 2008.

Cuireadh i gcrích scartáil Stáisiún Cumhachta Bhéal Átha Liag le linn 2007 de réir a cheadúnais Coisc agus Rialála Comhtháite (IPPC), le hobair feabhsúcháin suímh ag leanúint le linn 2008. Cuirfear i gcrích na hoibreacha feabhsúcháin suímh le linn 2008. Rinneadh obair ullmhúcháin le haghaidh scartáil Stáisiún Cumhachta Bhéal Átha Chomhraic, atá as feidhm anois, le linn 2007, lenar áiríodh scártáil an túir fuarúcháin. Tá sé beartaithe tús a chur leis na príomhoibreacha scartála i mBéal Átha Chomhraic go déanach sa bhliain 2008. Déantar monatóireacht agus iniúchadh neamhspleách i gcónaí ar gach gníomhaíocht scartála agus feabhsúcháin. Rinneadh dul chun cinn ar an Tionscadal Iarfheistithe Comhshaoil ag Gob na Muine (MERP) sa bhliain 2007. Mar chuid den tionscadal seo suiteáladh rialuithe astaíochta SO_x agus NO_x ar trí choire i nGob na Muine agus caithfear ceanglais na Treorach um Mórghléasra Dócháin ón AE (LCPD) a chomhlíonadh. D'aontaigh an Rialtas an LCPD a chur i ngníomh trí mheán chur chuige an Phlean Náisiúnta um Laghdú Astaíochtaí (NERP). Tá sé seo ar an mbealach is costéifeachtaí ceanglais LCPD a bhaint amach agus beidh laghdú astaíochta níos fearr mar thoradh air.

BSL Dhroichead na Sionainne.

Ar deireadh thiar, le linn 2007, rinne Giniúint Cumhachta iniúchadh ar na tionchair bhithéagsúlachta a bheadh ag a gníomhaíochtaí, agus is tátail dhearfacha tríd is tríd a baineadh as sin. Chomh maith leis sin, glacadh Rialachán AE maidir le hEascanna. Éilíonn an rialachán seo go ndéanfaí forbairt ar na pleananna bainistithe eascann náisiúnta agus glacfaidh BSL páirt iomlán i bhforbairt na bpleananna seo.

Leanfaidh Giniúint Cumhachta amach anseo ag glacadh na gcéimeanna riachtanacha chun ár gcomhshaol a chosaint. Bainfear é seo amach ach a chinntiú go bhfeidhmímid ár bhfearas ar an mbealach is éifeachtaí is féidir agus go leanaimid orainn ag infheistiú i dteicneolaíochtaí chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil na bhfearas.

> "Ag tógáil ar na hiniúchtaí fuinnimh a rinneadh sa bhliain 2007, leanfaidh Giniúint Cumhachta ag feabhsú a húsáide fuinnimh ag féachaint lena lorg carbóin a laghdú."

Straitéis Sócmhainne

An 27 Aibreán 2007, shocraigh BSL comhaontú leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh mar ar gheall BSL saoráidí agus suímh ghiniúna áirithe a dhúnadh nó a dhífheistiú agus mar ar gheall an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh tógáil a cheadú ag CCGT Átha Fhada.

Soláthraíonn an Comhaontú seo do laghdú suntasach ar cheannas margaidh Ghiniúint Cumhachta (os cionn 30% den acmhainneacht), agus ar an gcaoi sin suímh ghiniúna a chur ar fáil chun iontráil bhreise neamhspleách sa mhargadh a éascú, chomh maith le dul ar aghaidh leis an tógáil nua in Áth Fhada chun a phunann a athnuachan.

De bhun an chomhaontaithe seo lorgaíodh léirithe spéise le haghaidh na sócmhainní seo a leanas:

- Stáisiún Thairbhirt
- Stáisiún an Oileáin Mhóir
- Stáisiún Peaking i dTamhnach Mór, sa Ród agus in Áth Fhada; agus
- Suímh san iar-Stáisiún Giniúna Bhéal Átha Liag agus Dhroichead na Sionainne

Tugadh cuireadh do pháirtithe roghnaithe a dtairiscintí táscacha a chur isteach roimh 31 Eanáir, 2008 agus tá an próiseas sin fós idir lámha.

Ag Breathnú Chun Cinn

Áirítear ar na príomhdhúshláin do Ghiniúint Cumhachta do 2008 agus ina dhiaidh an Straitéis Sócmhainne a sheachadadh, a gnó a chur in oiriúint go leanúnach má táthar chun a bheith san iomaíocht i gceart san SEM agus an gá atá ann feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht comhshaoil trí mheán sheachadadh ceart na mórthionsadal atá ag Giniúint Cumhachta (Áth Fhada, fearais mhóna agus MERP) chomh maith le tionscnaimh eile chun ár gcomhshaol a chosaint.

Tá spriocanna dúshlánacha leagtha amach ag Giniúint Cumhachta di féin do 2008, lena n-áirítear:

- Áit oibre fholláin agus saor ó dhíobháil a chruthú agus a choinneáil,
- Cur i gcrích choimisiúnú na gcóras laghdaithe astaíochtaí SO_x agus NO_x ag Gob na Muine,
- Tús a chur le hiniúchadh féidearthachta ar theicneolaíochtaí glan guail agus téamh ceantair,
- Feidhmíocht fearais a fheabhsú trí oibríochtaí sárchleachtais agus trí chothabháil laistigh dár stáisiúin, chun punann fearas solúbtha a bheidh ábalta dul san iomaíocht go sásúil sa Mhargadh Uile-Oileáin a sheachadadh,
- Ár bpunann giniúna a athnuachan trí thús a chur le fearas CCGT bonnualaigh nua a thógáil ag Áth Fhada, Co. Chorcaí,
- An laghdú ar ár gceannas sa mhargadh a bhrú chun cinn trí chlár dúnta/dífheistithe stáisiún/láithreán, mar a comhaontaíodh leis an CRF,
- Leanúint ag tacú le struchtúr an SEM agus feabhas a chur ar phróisis, ar chórais agus ar inniúlachtaí a cuireadh i ngníomh sa bhliain 2007; agus
- Leanúint le hinmharthanacht airgeadais fhadtéarmach Ghiniúint Cumhachta a dhaingniú trínár mbonn costais a laghdú go suntasach, fad a chinnteofar go gcomhlíonfaidh Giniúint Cumhachta a freagrachtaí sóisialta maidir leis an gcomhshaol.

Grúpa BSL – Punann Ghiniúint Cumhachta

Taispeánann an léarscáil seo an Ghiniúint Cumhachta go léir in Éirinn arna oibriú agus arna bhainistiú ag Giniúint Cumhachta BSL agus ESB International.